ÚDARÁS EITLÍOCHTA NA hÉIREANN
IRISH AVIATION AUTHORITY

# Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus an Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023



# Clár Ábhar

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis.....3
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.....4
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023.....6
Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023.....7
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023.....8
DK Travel Limited.....9
Joe Walsh Pilgrimage Tours Ltd.....10
McGuill Travel Ltd.....11
Brady Travel Ltd.....12
USIT Ireland Limited.....13
Katie Doyle t/a Capture Travel Ltd.....14
Manasik Tours Ltd.....15
Nótaí atá ina gcuid de na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023.16

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis

Ghlac Údarás Eitlíochta na hÉireann (an tÚdarás) feidhmeanna an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta ar láimh ar an 1 Bealtaine 2023 faoi alt 109(1) den Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022. De bhun Ailt 13(5) agus 17(3) den Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982, ceanglaítear ar an Údarás ráitis airgeadais a ullmhú maidir le bannaí Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas agus an Ciste Cosanta Taistealaithe a tharraingt anuas agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh.

Tá sonraí maidir le córais rialachais agus rialaithe an Choimisiúin Eitlíochta agus nósanna imeachta don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2023 leagtha amach i ráiteas rialachais an Choimisiúin agus i dtuarascáil an Choimisiúin agus sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh.
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, mura bhfuil an bonn sin míchuí.
- imeachtaí ábhartha ar bith ó chaighdeáin infheidhmithe chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuntasaíochta imleor a choinneáil, a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais an Chiste agus Chuntais Banna agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais forálacha an Achta. Tá an tÚdarás freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an tÚdarás go dtugann ráitis airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus an Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas léargas fíor agus cothrom ar an staid airgeadais.

Declan Fitzpatrick

**Declan Fitzpatrick**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**Dáta: An 25 Aibreán 2024**

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

**Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais**

**an Chiste Cosanta Taistealaithe agus an Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas**

## Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus an Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas, atá ullmhaithe ag Údarás Eitlíochta na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 mar a éilítear faoi fhorálacha ailt 13 agus 17 den Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982. Áirítear na nithe seo a leanas leis na ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus na cúlchistí ioncaim coinnithe
- ráiteas ar staid an airgeadais
- ráiteas ar shreabhadh airgid
- na bannaí, agus
- na nótaí bainteacha, lena n-áirítear achoimre ar bheartais cuntasaíochta thábhachtacha.

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir ar acmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus an Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas amhail an 31 Nollaig 2023 agus ar a gcuid ioncaim agus caiteachais do 2023 i gcomhréir leis an gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Riocht Aontaithe agus I bPoblacht na hÉireann.*

### *Bunús na tuairime*

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) mar atá á gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách den Údarás Eitlíochta na hÉireann agus chomhlíon mé gach ceann de mo fhreagrachtaí eiticiúla eile I gcomhréir leis an gcaighdeán.

Measaim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte agam le go mbeidh sí ina bunús le mo thuairim.

### Tuarascáil ar ábhair eile

Tá mo chuid freagrachtaí maidir le tuairisc a thabhairt i ndáil le hábhair áirithe eile a dtugaim tuairisc orthu trí eisceacht, leagtha amach san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis sin.

Andrew Harkness
Ar son agus thar ceann an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An 26 Aibreán 2024

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

**Freagrachtaí an Údaráis**
**Mar a shonraítear sa ráiteas ar fhreagrachtaí an Údaráis, tá na freagrachtaí seo a leanas faoi chúram an Údaráis**

-  na ráitis airgeadais bliantúla a ullmhú i cibé foirm atá forordaithe faoi ailt 13 agus 17 den Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982
-  a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir FRS 102
-  rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
-  measúnú a dhéanamh an bhfuil úsáid bhonn chuntasaíochta an ghnóthais leantaigh iomchuí, agus
-  cibé rialú inmheánach, a mheastar a bheith riachtanach, a dhéanamh chun gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé de thoradh calaoise nó earráide.

**Compeneral Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Ceanglaítear orm faoi ailt 13 agus 17 den Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982, iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus an Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas agus tuairisc a thabhairt orthu sin do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní hionann é agus deimhniú go n-aimseoidh iniúchadh arna dhéanamh i gcomhréir leis na ISAnna míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráiteas a eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ina n-aonar nó ina n-iomláine, go bhféadfaí a bheith ag súil le réasún leis go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir ISAnna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim amhras gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

-  aithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide; déanaim nósanna imeachta iniúchta a dhearadh a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus oiriúnach chun bunús a sholáthar do mo thuairim. Tá an riosca nach mbraithfear míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois níos airde ná an ceann a eascraíonn as earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
-  Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach do na cúinsí, ach ní chun tuairim a léiriú faoi éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
-  Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta atá in úsáid agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus nochtaí gaolmhara.
-  Tagaim ar chonclúid faoi oiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh don chuntasaíocht agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta faighte, cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha i gceist a d'fhéadfadh amhras a chur ar chumas an Chiste Cosanta Taistealaithe agus an Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe bainteacha sna ráitis airgeadais, murar leor na nochtuithe sin, chun mo thuairim a athrú. Tá mo chuid conclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta na tuarascála. D'fhéadfadh go dtarlódh imeachtaí nó go mbeadh coinníollacha i gceist sa todhchaí, áfach, a chuirfeadh bac ar an gCiste Cosanta Taistealaithe agus an Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
-  Déanaim measúnú ar an léiriú, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais ar an iomlán, lena n-áirítear an nochtadh, agus an léiríonn na ráitis airgeadais idirbhearta bunúsacha agus imeachtaí ar bhealach a léiríonn léiriú cothrom.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas maidir le, i measc nithe eile, scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn an iniúchta.

Tuairiscím chomh maith, trí eisceacht má tharlaíonn ceann de na nithe seo, i mo thuairimse,

-  nach bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta faighte agam, nó
-  nár leor na taifid chuntasaíochta chun iniúchadh ceart agus pras a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
-  nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

***Tuairisciú ar chúrsaí eile***

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na breithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má shainaithním ábhair ábhartha a bhaineann leis an mbealach inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Déanaim tuairisciú má aithním aon chás nuair nár úsáideadh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí beartaithe dó nó nuair nár chloígh idirbhearta leis na húdaráis a bhíonn á rialú.

# Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

| Ioncam | Nótaí | CCT 2023 € | Roinn Iompair € | Iomlán 2023 € | Iomlán 2022 € |
|---|---|---|---|---|---|
| Maoiniú ón Roinn Iompair | | - | 150,000 | 150,000 | - |
| Ioncam Eile | | - | - | - | - |
| | | - | 150,000 | 150,000 | - |
| **Caiteachas** | | | | | |
| Éilimh Ioicthe agus costais riaracháin | 4 | 3,581 | 120,555 | 124,136 | 111,003 |
| Costais ghinearálta riaracháin | | 3,736 | - | 3,736 | 7,104 |
| Táillí cuntasaíochta agus gairmiúla | | 2,239 | - | 2,239 | 7,888 |
| Táille Iniúchta | | 2,700 | - | 2,700 | 3,700 |
| | | 12,256 | 120,555 | 132,811 | 129,695 |
| Barrachas/(Easnamh) don bhliain | | (12,256) | 29,445 | 17,189 | (129,695) |
| IARMHÉID AMHAIL AN 1 EANÁIR | | 26,276 | - | 26,276 | 155,973 |
| IARMHÉID AMHAIL AN 31 NOLLAIG | | 14,020 | 29,445 | 43,465 | 26,278 |

Cuimsíonn an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe na gnóthachain agus na caillteanais ar fad atá aitheanta sa bhliain.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 9.

**Declan Fitzpatrick**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**Dáta: An 25 Aibreán 2024**

# Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

| | Notes | € | 2023<br>€ | € | 2022<br>€ |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Cash and Cash Equivalents | 3 | 51,996 | | 33,330 | |
| **Dliteanais Reatha: Méideanna** | | | | | |
| | 5 | (8,531) | | (7,052) | |
| **Glansócmhainní Reatha** | | | 43,465 | | 26,278 |
| **Glansócmhainní** | | | **43,465** | | **26,278** |
| **Lena n-ionadaítear** | | | | | |
| An Ciste Cosanta Taistealaithe | | | 14,020 | | 26,278 |
| Ciste 6 na Roinne Iompair | 6 | | 29,445 | | - |
| **Cúlchistí Ioncaim Coinnithe** | | | **43,465** | | **26,278** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 9.

**Declan Fitzpatrick**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**Dáta: An 25 Aibreán 2024**

# Ráiteas ar Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Glan-insreabhadh/(Glan-eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| Barrachas/(Easnamh) ar Ioncam agus ar Chaiteachas | | 17,189 | (129,695) |
| Ús bainc a fuarthas mar ghlanmhéid de na muirir bhainc a íocadh | | 637 | 4,490 |
| (Laghdú)/Méadú ar Infháltais | | - | 43,973 |
| (Laghdú)/Méadú ar Sholáthairtí | | - | (126,937) |
| (Laghdú)/Méadú ar Mhéideanna Iníoctha | | - | (883,741) |
| (Laghdú)/Méadú ar Fhabhruithe | | 1,477 | (19,577) |
| **(Glan-eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | 19,303 | (1,111,487) |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Ús agus táillí bainc | | (637) | (4,490) |
| **Glan (Mhéadú)/Laghdú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid** | | 18,666 | (1,115,977) |
| **Sreabhadh glan airgid a réiteach le gluaiseachtaí i nglanchistí** | | | |
| (Laghdú)/Méadú in airgead tirim agus coibhéisí airgid sa bhliain | | 18,666 | (1,115,977) |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgead Tirim ag tús na tréimhse | | 33,330 | 1,149,307 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgead Tirim ag deireadh na tréimhse | 3 | 51,996 | 33,330 |

# DK Travel Limited

Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

| Ioncam | Nótaí | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|---|
| Ioncam ón mBanna | | - | - |
| **Caiteachas** | | | |
| Éilimh – Turais Láneagraithe | 4 | - | - |
| Éilimh – Nótaí Creidmheasa Aisíoca | 4 | - | - |
| Costais Aisdúichithe | | | |
| Costais Riaracháin | 4 | - | - |
| Íoctha ag an CCT | 4 | - | (2,202) |
| Comhlíonta ag Ciste na Roinne Iompair | 4 | - | - |
| Barrachas/(Easnamh) | | - | (2,202) |
| Barrachas/(Easnamh) inaisíoctha le sealbhóir bannaí | | - | (2,202) |
| Barrachas/(Easnamh)Iomlán | | - | - |

Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Airgead sa Bhanc | | - | - |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Éilimh gan Íoc | | - | - |
| Aisíoc dlite don Sealbhóir Bannaí | | | |
| Fabhruithe - Costais Riaracháin Gan Íoc | | - | - |
| **Glansócmhainní/(Glandliteanais)** | | | - |

Nóta:
Scoir DK Travel Limited de thrádáil ar an 12 Feabhra 2021. Glaodh go hiomlán luach iomlán an bhanna mar atá €42,475. Bhí dóthain cistí sa bhanna chun costais riaracháin agus turais láneagraithe atá ceadaithe a ghearradh ar an mbanna a chumhdach. Bhí na RCNanna frithgheallta ag Ciste na Roinne Iompair, agus bhí méid carnach ar luach €40,650 de mhuirear ar an gCiste ag deireadh 2021. Rinneadh coigeartú ar luach €2,202 ar an gciste CCT in 2022; is ionann é sin agus ceartú ar an scoilt ar chostais riaracháin 2021 idir an banna agus CCT agus ní hionann é agus costais bhreise a tabhaíodh in 2022.

Declan Fitzpatrick

**Declan Fitzpatrick**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**Dáta: An 25 Aibreán 2024**

# Joe Walsh Pilgrimage Tours Ltd

Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

| Ioncam | Nótaí | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|---|
| Ioncam ón mBanna | | - | - |
| **Caiteachas** | | | |
| Éilimh – Eitiltí & Turais Láneagraithe | 4 | 13,593 | (855) |
| Éilimh – Nótaí Creidmheasa Aisíoca | 4 | 285 | (3,869) |
| Costais Aisdúichithe | | - | - |
| Costais Riaracháin | 4 | - | 75,154 |
| Comhlíonta ag Ciste na Roinne Iompair | 4 | (13,878) | - |
| Íoctha ag an CCT | 4 | - | (70,430) |
| Barrachas/(Easnamh) | | - | - |
| Barrachas/(Easnamh) ó na blianta roimhe | | - | - |
| Barrachas/(Easnamh)Iomlán | | - | - |

Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

| | | |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Airgead sa Bhanc | - | - |
| **Dliteanais Reatha** | | |
| Éilimh gan Íoc | - | - |
| Fabhruithe - Costais Riaracháin Gan Íoc | - | - |
| **Glansócmhainní/(Glandliteanais)** | **-** | **-** |

Nóta:
Scoir Joe Walsh Pilgrimage Tours Ltd de thrádáil ar an 27 Aibreán 2021. Glaodh go hiomlán luach iomlán an bhanna mar atá €1,280,000. Ní raibh cistí leordhóthanacha laistigh den bhanna chun na dliteanais uile a bhaint amach gan tarraingt ar an CCT. Gearradh gach RCN ar chiste na Roinne Iompair. In 2023, rinneadh athbhreithniú ar éileamh ar €13,593 ar diúltaíodh dó roimhe, agus ceadaíodh é. Thairis seo, cuireadh seic nár briseadh agus a rinneadh í a chúlscríobh roimhe seo, ar luach €285, ar ais ar iarratas an éilitheora. Cuireadh iarratas isteach le leachtaitheoir an chomhlachta chun an méid a chumhdaigh an Ciste a aisghabháil, ach ní raibh díbhinn ar fáil do chreidiúnaithe neamhurraithe an chomhlachta.

**Declan Fitzpatrick**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**Dáta: An 25 Aibreán 2024**

# McGuill Travel Ltd

Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Ioncam ón mBanna | | - | - |
| **Caiteachas** | | | |
| Éilimh – Eitiltí & Turais Láneagraithe | 4 | - | - |
| Éilimh – Nótaí Creidmheasa Aisíoca | 4 | - | - |
| Costais Aisdúichithe | | - | - |
| Costais Riaracháin | 4 | - | 19,716 |
| Íoctha ag an CCT | 4 | - | (19,716) |
| Comhlíonta ag Ciste na Roinne Iompair | 4 | - | - |
| Barrachas/(Easnamh) | | - | - |
| (Barrachas) inaisíoctha le sealbhóir bannaí | | - | - |
| Barrachas/(Easnamh)Iomlán | | - | - |

Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

| | | |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Airgead sa Bhanc | - | - |
| Banna Dlite | - | - |
| **Dliteanais Reatha** | | |
| Éilimh gan Íoc | - | - |
| Aisíoc dlite don Sealbhóir Bannaí | - | - |
| Fabhruithe - Costais Riaracháin Gan Íoc | - | - |
| **Glansócmhainní/(Glandliteanais)** | - | - |

Nóta:
Scoir McGuill Travel Ltd de thrádáil ar an 5 Deireadh Fómhair 2021. Bailíodh €4,500 den bhanna, leis an iarmhéid coinnithe siar mar ní rabhthas ag súil go mbainfí úsáid as. Bhí cistí leordhóthanacha laistigh den bhanna chun gach dliteanas riaracháin taistil láneagraithe, eitilte agus neamh-RCN a chomhlíonadh gan tarraingt ar an gCiste Cosanta Taistealaithe (TPF). Bhí na RCNanna frithghealllta ag Ciste na Roinne Iompair, agus bhí méid carnach ar luach €69,542 de mhuirear ar an gCiste ag deireadh 2021.

Declan Fitzpatrick

**Declan Fitzpatrick**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**Dáta: An 25 Aibreán 2024**

# Brady Travel Ltd

Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

| Ioncam | Nótaí | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|---|
| Ioncam ón mBanna | | - | - |
| **Caiteachas** | | | |
| Éilimh – Eitiltí & Turais Láneagraithe | 4 | (100) | - |
| Éilimh – Nótaí Creidmheasa Aisíoca | 4 | - | - |
| Costais Aisdúichithe | | - | - |
| Costais Riaracháin | 4 | - | 17,700 |
| Íoctha ag an CCT | 4 | 100 | (17,700) |
| Comhlíonta ag Ciste na Roinne Iompair | 4 | - | - |
| Barrachas/(Easnamh) | | - | - |
| (Barrachas) inaisíoctha le sealbhóir bannaí | | - | - |
| Barrachas/(Easnamh)Iomlán | | - | - |

| Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023 | | |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Airgead sa Bhanc | - | - |
| **Dliteanais Reatha** | | |
| Fabhruithe-Éilimh gan íoc | - | - |
| Fabhruithe – Aisíoc dlite don Sealbhóir Banna | - | - |
| Fabhruithe - Costais Riaracháin Gan Íoc | - | - |
| **Glansócmhainní/(Glandliteanais)** | - | - |

Nóta:
Scoir Brady Travel Ltd de thrádáil ar an 27 Deireadh Fómhair 2021. Glaodh go hiomlán luach iomlán an bhanna mar atá €20,000. RCNanna a bhí i ngach éileamh agus mar sin íocadh iad ón scéim RCN. Cúlscríobhadh seic rite nár briseadh ar luach €100 in 2023.

**Declan Fitzpatrick**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**Dáta: An 25 Aibreán 2024**

# USIT Ireland Limited

Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | **€** | **€** |
| Ioncam ón mBanna | | - | - |
| **Caiteachas** | | | |
| Éilimh – Eitilt & Pacáiste | 4 | 85 | - |
| Costais Aisdúichithe | | | |
| Costais Riaracháin | 4 | - | - |
| Íoctha ag an CCT | 4 | (85) | - |
| Comhlíonta ag Ciste na Roinne Iompair | 4 | - | - |
| Barrachas/(Easnamh) | | - | - |
| Barrachas/(Easnamh) ó na blianta roimhe | | - | - |
| Barrachas/(Easnamh)Iomlán | | - | - |

| Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023 | | |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Airgead sa Bhanc | - | - |
| **Dliteanais reatha** | | |
| Éilimh gan Íoc | - | - |
| Fabhruithe - Costais Riaracháin Gan Íoc | - | - |
| **Glansócmhainní/(Glandliteanais)** | - | - |

Nóta:

Scoir USIT Ireland Limited de thrádáil ar an 27 Márta 2020. Glaodh go hiomlán luach iomlán an bhanna mar atá €450,000. Ní raibh cistí leordhóthanacha sa bhanna chun íoc as gach dliteanas gan tarraingt ar an gCiste Cosanta Taistealaithe agus ar Chiste na Roinne Iompair. Ba é an méid carnach gearrtha chuig na Cistí ag deireadh 2021 ná €1,083,678. Cuireadh éileamh isteach chuig leachtaitheoir an chomhlachta chun an méid a chumhdaigh an Ciste a aisghabháil. Tá an próiseas Leachtaithe críochnaithe agus chuir an Leachtaitheoir in iúl dúinn nach bhfuil aon chistí ar fáil do chreidiúnaithe neamhurraithe ar nós an CCT. Cuireadh seic rite ar luach €85 nár briseadh, agus a rinneadh í a chúlscríobh in 2021, ar ais ar iarratas an éilitheora in 2023.

**Declan Fitzpatrick**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**Dáta: An 25 Aibreán 2024**

# Katie Doyle t/a Capture Travel Ltd


Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Ioncam ón mBanna | | - | 3,575 |
| **Caiteachas** | | | |
| Éilimh – Eitiltí & Turais Láneagraithe | 4 | - | - |
| Éilimh – Nótaí Creidmheasa Aisíoca | 4 | - | 174 |
| Costais Aisdúichithe | | - | - |
| Costais Riaracháin | 4 | - | 781 |
| Comhlíonta ag Ciste na Roinne Iompair | 4 | - | - |
| Íoctha ag an CCT | 4 | - | (955) |
| Barrachas/(Easnamh) | | - | 3,575 |
| (Barrachas) inaisíoctha le sealbhóir bannaí | | - | (3,575) |
| Barrachas/(Easnamh)Iomlán | | - | - |

| Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023 | | |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Airgead sa Bhanc | - | - |
| **Dliteanais reatha** | | |
| Éilimh gan Íoc | - | - |
| Fabhruithe - Costais Riaracháin Gan Íoc | - | - |
| **Glansócmhainní/(Glandliteanais)** | - | - |

Nóta:

Scoir Katie Doyle t/a Capture Travel Ltd de thrádáil ar an 20 Eanáir 2022. Glaodh go hiomlán luach iomlán an bhanna mar atá €3,575. Aisíocadh ina iomláine é ina dhiaidh sin toisc gur Nótaí Creidmheasa Aisíocaíochta a bhí sna héilimh go léir, agus mar sin ní raibh siad incháilithe le frithháireamh in aghaidh an bhanna. Íocadh costas loicthe an chomhlachta ina iomláine le CCT.



**Declan Fitzpatrick**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**Dáta: An 25 Aibreán 2024**

# Manasik Tours Ltd

Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

| Ioncam | Nótaí | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|---|
| Ioncam ón mBanna | | 20,800 | - |
| **Caiteachas** | | | |
| Éilimh – Eitilt amháin & Taisteal Láneagraithe | 4 | 34,000 | - |
| Éilimh – Nótaí Creidmheasa Aisíoca | 4 | 92,150 | - |
| Costais Aisdúichithe | | - | - |
| Costais Riaracháin | 4 | 4,923 | - |
| Íoctha ag an CCT | 4 | (3,596) | - |
| Comhlíonta ag an Roinn Iompair | 4 | (106,677) | - |
| Barrachas/(Easnamh) | | - | - |
| (Barrachas) inaisíoctha le sealbhóir bannaí | | - | - |
| Barrachas/(Easnamh)Iomlán | | - | - |

| Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023 | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Airgead sa Bhanc | 494 | - |
| **Dliteanais Reatha** | | |
| Éilimh gan Íoc | - | - |
| Aisíoc Dlite don Sealbhóir Bannaí | - | - |
| Fabhruithe - Costais Riaracháin Gan Íoc | (494) | |
| **Glansócmhainní/(Glandliteanais)** | - | - |

Nóta:
Scoir Manasik Tours Ltd de thrádáil ar an 10 Eanáir 2023. Glaodh go hiomlán luach iomlán an bhanna mar atá €20,800. Tá RCNanna agus turais láneagraithe frithghealltа ag Ciste na Roinne Iompair, agus gearradh méid carnach ar luach €110,273 ar na Cistí ag deireadh 2023.

**Declan Fitzpatrick**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**Dáta: An 25 Aibreán 2024**

# Nótaí atá ina gcuid de na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

**1. Beartais Chuntasaíochta**

Tá bunús na cuntasaíochta agus na mbeartas suntasach cuntasaíochta ar ghlac Údarás Eitlíochta na hÉireann leo maidir le ráitis airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus an Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas leagtha amach anseo thíos. Cuireadh iad go léir i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

**a) Faisnéis Ghinearálta**

Rinneadh foráil san Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982 do dhaoine a chosaint a théann i mbun conarthaí taistil thar lear, le tionscnóirí turas nó le gníomhairí taistil, trí fhoráil a dhéanamh maidir leo seo a leanas:

(a) Ceadúnú tionscnóirí turas agus gníomhairí taistil;
(b) an ceanglas go bhfuil fianaise tugtha ag gach gnólacht den sórt sin d'Údarás Eitlíochta na hÉireann sula ndeonaítear ceadúnas go bhfuil socrú inghlactha déanta aige chun a chustaiméirí atá ag taisteal thar lear a chosaint (ar a dtugtar an "Banna" ar an socrú seo);
(c) Ciste Cosanta Taistealaithe (CCT) a bhunú chun íoc as aon ghanntanas nach gclúdaítear faoin mBanna.

Aistríodh an fhreagracht as an gCiste a riar chuig Údarás Eitlíochta na hÉireann faoi fhorálacha an Achta Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022.

**b) Cuntais Bhanna**

Déantar foráil le gach banna, i gcás loicthe ag an Tionscnóir Turas nó ag Gníomhaire Taistil i leith conarthaí taistil thar lear, go gcuirfear suim airgid ar fáil don Údarás le cur chun sochair do dhuine ar bith de na custaiméirí a thabhaigh caillteanas nó dliteanas de bharr loiceadh dá leithéid. Is féidir na ceanglais bannaí a shásamh trí bhanna árachais, banna bainc nó trí shuim airgid a thaisceadh leis an Údarás.

Coinníonn an tÚdarás cuntas ar leith ar an airgead go léir a fhaigheann sé de bhun gach bannaí a bhaineann le gníomhaire taistil nó tionscnóir turas ar theip air agus ar gach eisíocaíocht a dhéanann sé as an airgead sin. Tá na cuntais seo ar taispeáint ar leathanaigh 9 go dtí 15.

Gearrtar costais riaracháin ar na bannaí mar a thabhaítear iad. Muirearaítear éilimh sa bhliain ina dtarlaíonn an teagmhas atá ina chúis leis an éileamh. Cistí a fhaightear ó gach banna, tarraingítear anuas iad nó taispeántar iad mar chistí dlite ón sealbhóir banna sa bhliain ina dtabhaítear an caiteachas a íoctar ón mbanna.

**c) An Ciste Cosanta Taistealaithe**

Úsáidtear an Ciste Cosanta Taistealaithe chun íoc as caillteanais nó dliteanais a thabhaíonn custaiméirí de bharr tionscnóirí turas nó gníomhairí taistil ceadúnaithe, sa mhéid is nach bhfuil dóthain airgid sna bannaí chun íoc as a leithéid de chaillteanais nó dliteanais. Taispeántar na suimeanna a ghearrtar ar an gCiste mar Éilimh Laghdaithe agus Costais Riaracháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coinnithe. Cuireadh ranníocaíochtaí ó thionscnóirí turas ar fionraí de bhun rialachán a rinneadh faoin Acht le héifeacht ó Aibreán 1987, mar gheall ar chúlchistí leordhóthanacha airgid a bheith ar fáil. In 2017, chuir an Coimisiún um Eitlíocht tús le hobair chun athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe bannaí atá i bhfeidhm faoi láthair agus ar oibriú an Chiste Cosanta Taistealaithe chun a chinntiú go leanann siad ar aghaidh ag comhlíonadh cuspóirí na scéime go héifeachtach agus go soláthrófar leibhéal cuí cosanta don phobal taistil.

D'fhoilsigh an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta tuarascáil ar bhearta cosanta do thomhaltóirí san earnáil taistil i mí Eanáir 2019 agus thángthas ar an tuairim nach raibh an scéim reatha éifeachtach níos mó. Léirigh sé seo Céim 1 d'obair an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta sa réimse seo.

Le trasuíomh Threoir (AE) 2015/2302 maidir le taisteal lánáirithe agus socruithe taistil nasctha i ndlí na hÉireann i mí an Mhárta 2019, chuir an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta tús le céim 2 dá chuid oibre sa réimse seo. D'fhostaigh an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta sainchomhairleoirí eacnamaíocha (CEPA) chun a chinneadh (a) bearta ba cheart a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go gcuirtear leibhéal leordhóthanach slándála airgeadais ar fáil do thomhaltóirí, (b) na modhanna iomchuí chun an CCT a athshlánú agus a oibriú go leanúnach ar bhealach cothromasach, agus (c) pleananna cur chun feidhme mionsonraithe le haghaidh roghanna tosaíochta agus (d) aon ábhair eile atá ábhartha chun cosaintí éifeachtacha leanúnacha do thomhaltóirí a áirithiú.

D'fhéach an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta ar roghanna éagsúla athchóirithe agus d'eisigh sé tuarascáil Eatramhach i mí Lúnasa 2019. Sa tuarascáil sin tugadh measúnú ar na roghanna molta chun na socruithe cosanta reatha in Éirinn a leasú i bhfianaise na Treorach. Ina theannta sin, d'eisigh an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta páipéar comhairliúcháin ag lorg tuairimí ó thionscal an taistil ar an athchóiriú molta. Fuarthas 15 fhreagra ar an bpáipéar comhairliúcháin.

Bhreithnigh an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta agus a chomhairleoirí eacnamaíocha na freagraí a fuarthas de bhreis ar aon athruithe ar an margadh san idirthréimhse. Bunaithe ar an bhfaisnéis seo, thug CEPA nuashonrú ar a n-anailís agus eisíodh a dtuarascáil deiridh i mí Dheireadh Fómhair 2019. Bunaithe ar an obair ar fad go dtí seo sa réimse seo, d'eisigh an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta Páipéar 9/2020 ón gCoimisiún maidir le Bearta Cosanta Tomhaltóirí maidir le Trádáil Taistil - Comhairle don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Eisíodh an dá pháipéar chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus foilsíodh iad ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta i mí na Nollag 2019. De bharr na paindéime ó 2020 go 2022, níl aon dul chun cinn déanta ar an obair seo. Rachaidh an tÚdarás i mbun na hoibre seo arís leis an Roinn Iompair in 2024.

**d) Scéim Nóta Creidmheasa Aisíocaíochta**

Bhí tionchar díobhálach ag paindéim Covid-19 ar thionscal an taistil in Éirinn. I mí an Mheithimh 2020, thug an Rialtas isteach scéim a chosnódh Nótaí Creidmheasa Aisíocaíochta (RCNanna) arna n-eisiúint ag gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas ceadúnaithe Éireannacha. Foráiltear leis an scéim go mbeidh siad siúd cosanta ar dhócmhainneacht ag an Stát. Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí 3,902 Nóta Creidmheasa Aisíocaíochta eisithe agus luach iomlán €1,266,164 ag gabháil leo. Tá an tÚdarás freagrach as luach na Nótaí Creidmheasa Aisíocaíochta a eisíodh a thiomsú agus a thuairisciú.

Frithgheallann an reachtaíocht na RCNanna gan tagairt a dhéanamh d'aon bhannaí atá ar fáil ó ghníomhairí taistil/tionscnóirí turas tite. Mar sin, féadfaidh an t-eintiteas a chliseann aisíocaíocht pháirteach a fháil dá mbanna toisc nach féidir RCNanna a fhritháireamh ina choinne.
Níl na costais riaracháin ceadaithe i bpróiseáil na n-éileamh seo agus tá sé riachtanach go bhfuil siad tacaithe ag na bannaí agus/nó ag an gCiste Cosanta Taistealaithe.

Tugadh an scéim seo chun críche le haghaidh Nótaí Creidmheasa Aisíocaíochta nua ar an 31 Nollaig 2022, agus níor ceadaíodh RCNanna eile a eisiúint. Ní mór gach RCN a úsáid faoin 31 Nollaig 2024, rachaidh siad in éag ina dhiaidh sin.

**e) Maoiniú ón Roinn Iompair**

Níor leor leibhéil airgid an chiste chun gach éilitheoir a chúiteamh as titimí 2020 agus 2023, agus rinneadh iarratas chuig an Roinn Iompair chun breisiú a dhéanamh ar an gciste. An 17 Meitheamh 2020, S.I. Uimh. 219 de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Taisteal Láneagraithe) 2020 isteach chun meicníocht a cheadú le go bhféadfadh an Státchiste an ciste a bhreisiú.

Le linn 2020 agus 2023 d'aistrigh an Roinn Iompair €2,750,000 go dtí an Ciste leis an mheicníocht seo. Ní féidir an ciste seo a úsáid chun éilimh a bhaineann le heitiltí amháin a íoc, ná costais riaracháin a mhaoiniú; caithfear iad seo a íoc ó na cistí a bhí ann cheana.

Baineann an tÚdarás de thátal as go gceadaíonn fáil na gcistí breise seo don Chiste feidhmiú mar ghnóthas leantach.

**f) Leachtú Comhlachtaí ar Theip Orthu**

I gcás go dteipfeadh ar ghníomhaire taistil nó tionscnóir turas agus go ndéanfaí leachtú ar a leithéid de ghnólacht, dhéanfaí éileamh chuig an leachtaitheoir chun méideanna ar bith a bheadh dlite a aisghabháil, méideanna a d'íocfaí ón gCiste Cosanta Taistealaithe. Tugtar fáltais de bharr éilimh dá leithéid chun cuntais de réir mar a thagann siad chun cinn.

**g) Ráiteas Comhlíontachta**

Ullmhaíodh Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus an Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC).

**h) Bonn Ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ag luachanna córa mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach chun déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an Chiste.

**i) Aitheantas Ioncaim**

Aithnítear ioncam infhaighte ó shealbhóirí banna maidir le caiteachas a thabhaítear nuair is dócha go mbainfidh an ciste tairbhe eacnamaíoch. Nuair atá amhras mór ann go bhfaighfear méideanna atá dlite ó shealbhóirí banna ar ais, ní aithnítear an t-ioncam bainteach agus nochtar é mar nóta. Aithnítear ioncam úis ar bhonn fabhraithe ag baint úsáide as modh an ghlanráta úis.

**j) Infháltais**

Aithnítear infháltais ar a luach cóir, lúide soláthar i leith fiacha amhrasacha. Is foráil sonrach í an fhoráil ar fhiacha amhrasacha, agus glactar léi nuair atá fianaise réadach ann nach mbeidh an Ciste in ann na suimeanna uile atá dlite di a bhailiú. Sonraítear na gluaiseachtaí go léir i soláthar in aghaidh fiach amhrasach sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

**2. Gnóthas Leantach**

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh agus tá an tÚdarás sásta go leanfaidh an Ciste mar ghnóthas leantach, go ceann i bhfad, bunaithe ar na sonraí atá leagtha amach i nóta 1 c) agus e) thuas agus i nóta 9 thíos.

**3.Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid**

Aistrítear aon airgead nach bhfuil ag teastáil chun freastal ar chaiteachas reatha chuig cuntas infheistíochta (Cuntas Infheistíochta an Chiste Cosanta Taistealaithe) atá á bhainistiú agus á rialú ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuirtear ús a ghineann an Ciste chun sochair ioncaim.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | 33,330 | 1,149,307 |
| Ús | - | - |
| Fáltais Chiste na Roinne Iompair | 150,000 | - |
| Bannaí glaoite | 20,800 | 3,575 |
| Táille Iniúchta | (3,700) | (3,700) |
| Gluaiseacht sa Chuntas Reatha | (148,434) | (1,115,852) |
| Iarmhéid Deiridh | **51,996** | **33,330** |

Is ionann iarmhéid bainc CCT agus an méid atá i gcuntas reatha CCT. Bhí Cuntas Infheistíochta an Chiste Cosanta Taistealaithe folamh le linn 2023.

## 4. Íocadh Éilimh Loicthe agus Costais Riaracháin mar seo a leanas:

| | Leathanach | Éilimh 2023 | Costais riaracháin 2023 | Iomlán 2023 | Gearrtha ar Bhanna 2023 | Gearrtha ar CCT 2023 | Gearrtha ar an Roinn 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Joe Walsh Pilgrimage | 10 | 13,878 | - | 13,878 | - | - | 13,878 |
| Brady Travel Ltd | 12 | (100) | - | (100) | - | (100) | - |
| USIT | 13 | 85 | - | 85 | - | 85 | - |
| Manasik Tours | 15 | 126,150 | 4,923 | 131,073 | 20,800 | 3,596 | 106,677 |
| | | **140,013** | **4,923** | **144,936** | **20,800** | **3,581** | **120,555** |

| | Leathanach | Éilimh 2022 | Costais riaracháin 2022 | Iomlán 2022 | Gearrtha ar Bhanna 2022 | Gearrtha ar CCT 2022 | ar an Roinn Iompair 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| DK Travel | 9 | - | 2,202 | 2,202 | - | 2,202 | - |
| Joe Walsh Pilgrimage | 10 | (4,724) | 75,154 | 70,430 | - | 70,430 | - |
| McGuill Travel | 11 | - | 19,716 | 19,716 | - | 19,716 | - |
| Brady Travel Ltd | 12 | - | 17,700 | 17,700 | - | 17,700 | - |
| Capture Travel | 14 | 174 | 781 | 955 | - | 955 | - |
| | | **(4,550)** | **115,552** | **111,003** | - | **111,003** | - |

## 5.Fabhruithe

| | Leathanach | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| Riaracháin Manasik Tours | 15 | 494 | - |
| Costais Riaracháin Ghinearálta | | 3,064 | 1,503 |
| Táillí Cuntasaíochta agus Gairmiúla | | 1,273 | 851 |
| Táillí Iniúchóireachta | | 3,700 | 4,700 |
| **Iomlán** | | **8,531** | **7,054** |

## 6.Réiteach Cistí na Roinne Iompair

| | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid na gcistí tugtha ar aghaidh | - | - | 447,245 | - |
| Maoiniú a fuarthas | 150,000 | - | 700,000 | 1,900,000 |
| Manasik Tours Limited | (106,677) | - | - | - |
| DK Travel Limited | - | - | (40,650) | - |
| Joe Walsh Pilgrimage Tours Limited | (13,878) | - | (1,026,102) | - |
| McGuill Travel Limited | - | - | (69,542) | - |
| Brady Travel Limited | - | - | (34,924) | - |
| Rathgar Travel | - | - | 589 | (60,233) |
| East West Travel | - | - | 4,403 | (117,456) |
| USIT | - | - | 30,997 | (972,419) |
| USIT (Tionscnóir Turas) | - | - | (476) | - |
| Pamela Brownlee | - | - | (200) | (83,339) |
| Planet Travel | - | - | - | (16,654) |
| King Travel | - | - | (11,342) | (202,653) |
| Iarmhéid maoinithe atá fágtha | **29,445** | - | - | **447,245** |

**7.Bannaí**

Seachas an gnáth-mhodh bannaí trí chuideachtaí árachais agus bainc faoi na Rialacháin um Bhannaí (S.I. 102 de 1983), féadfar an ceanglas maidir le banna a chomhlíonadh freisin le suim airgid a thaisceadh le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann, ina ainm agus in ainm an tsealbhóra ceadúnais. Anuas ar an airgead a cuireadh san áireamh sna ráitis airgeadais thuasráite, ba ionann an méid a bhí curtha i dtaisce in airgead tirim ag Údarás Eitlíochta na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2023 agus €41,628,480 (2022: €34,806,242). Tugtar cuntas air seo mar shócmhainn reatha agus mar dhliteanas reatha i ráitis airgeadais Údarás Eitlíochta na hÉireann don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2023.

**8. Cásanna Dlí**

Níl aon chásanna dlí maidir le soláthraithe banna ar feitheamh.

**9.Imeachtaí tar éis an Dáta Tuairiscithe**

Amhail an dáta sínithe, níl aon fhaisnéis le nochtadh.

ÚDARÁS EITLÍOCHTA NA hÉIREANN
IRISH AVIATION AUTHORITY